Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10729 – FOWI / MOL / TOHO / HOKURIKU / ORSTED / JERA / SWANCOR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 218/11)

1. An 20 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Mitsui O.S.K. Lines, Ltd. ("MOL", an tSeapáin),

— Toho Gas Co., Ltd. ("Toho", an tSeapáin),

— Hokuriku Electric Power Company ("Hokuriku", an tSeapáin),

— Orsted InvestCo Ltd. ("Orsted", an Téaváin), a bhaineann le Ørsted A/S (an Danmhairg),

— JERA Power International B.V. ("JERA", an tSeapáin), a bhaineann le JERA Co. Inc. (an tSeapáin),

— Swancor Holding Co. Ltd. ("Swancor", an Téaváin),

— Formosa I International Investment Co., Ltd. ("FOWI", an Téaváin).

Gheobhaidh MOL, Toho, Hokuriku, Orsted, JERA agus Swancor rialú comhpháirteach ar FOWI de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is comhlacht iompair é MOL atá gníomhach sa loingseoireacht, i ngnó bulcearraí tirim, i bhfuinneamh agus i ngnó amach ón gcósta, i ngnó iompair táirgí agus i ngnóthaí gaolmhara,

— Is cuideachta gáis é Toho atá gníomhach i ngnó soláthair teasa, i ngnó leictreachais, i ndíol trealamh agus áiseanna gáis, agus i suiteáil píobaireachta gáis,

— Soláthraíonn Hokuriku leictreachas trí chórais chomhtháite giniúna cumhachta, tarchurtha agus dáileacháin,

— Tá Orsted gníomhach i bhforbairt, tógáil agus oibriú feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, gléasraí bithfhuinnimh agus réitigh nuálacha dramhaíola go fuinneamh agus táirgí cliste fuinnimh. Ina theannta sin, déanann sé fuinneamh agus táirgí gaolmhara a sholáthar, a tháirgeadh, a dháileadh agus a thrádáil san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe;

— Tá Jera gníomhach in infheistíocht breosla réamhtheachtach, i soláthar breosla, sa trádáil, agus i ngníomhaíochtaí iompair. Tá sé ag gabháil freisin do ghléasraí giniúna cumhachta a fhorbairt agus a oibriú,

— Is táirgeoir agus dáileoir ábhar ceimiceach speisialtachta é Swancor, a phléann le leithéidí roisín in aghaidh creimeadh lena n-úsáid in umair agus i bpíblínte i dtionscail éagsúla, simléir do ghléasraí cumhachta agus roisín córais eapocsach do lanna tuirbíní gaoithe.

3. Oibríonn FOWI feirm ghaoithe amach ón gcósta sa Téaváin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10729 – FOWI / MOL / TOHO / HOKURIKU / ORSTED / JERA / SWANCOR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË